Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Feabhra 2021
(OR. en)

5842/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0027 (NLE)**

**AVIATION 30**
**ICAO 12**
**RELEX 78**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 48 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 222ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10, agus imleabhar nua VI Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta atá beartaithe a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 48 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 48 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.2.2021
COM(2021) 48 final

2021/0027 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 222ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10, agus imleabhar nua VI Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta atá beartaithe a ghlacadh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is leis an méid seo a leanas a bhaineann an togra:

(i) an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa 222ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le glacadh Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1 — *Ceadúnú Pearsanra*, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2 — *Rialacha an Aeir*, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8 — *Aeracmhainneacht Aerárthaí*, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 — *Teileachumarsáide Aerloingseoireachta* agus imleabhar nua VI Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, agus

(ii) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tar éis do ICAO a fhógairt go nglacfar Leasú 177 go Leasú 1, Leasú 47 go Leasú 2, Leasú 108 go Leasú 8, Leasú 90 go hIarscríbhinn 10 agus an t-imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 trí Litreacha Stáit faoi seach, litreacha ina n-iarrtar ar na Ballstáit fógra míshástachta a thabhairt, nó fógra a thabhairt i leith aon difríocht a bheidh ann, nó fógra i leith an comhlíonadh a dhéanfaidh sé ar na bearta a ghlacfar.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe atá san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI). Seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta: prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid EESI í Comhairle EESI, comhlacht a bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól EESI a thoghann na stáit chonarthacha sin ar feadh tréimhse trí bliana. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát de chuid an Aontais ar Chomhairle ICAO le haghaidh na tréimhse 2019-2022.

I measc na bhfeidhmeanna éigeantacha atá ar Chomhairle ICAO, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas molta (SARPanna), dhá rud a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Maidir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de thrí mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach Stát conarthach ICAO a míshástacht idir an dá linn.

Tar éis ghlacadh na mbeart sin, ní mór do Stáit ICAO fógra míshástachta a thabhairt, sin nó fógra faoi aon difríocht a bheidh ann, nó fógra i leith an comhlíonadh a dhéanfaidh siad ar na bearta sula dtagann siad i bhfeidhm agus sula mbíonn siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát a mheasann go bhfuil sé dofheidhmithe aon chaighdeán idirnáisiúnta nó aon nós imeachta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a nósanna imeachta féin a chur i gcomhréir go hiomlán i ndáil le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin nó i gcás ina measfaidh sé gur gá rialacháin nó nósanna imeachta a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na cinn arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh sé fógra láithreach do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas a leagtar síos sa chaighdeán idirnáisiúnta.

**2.3. Gníomhartha ICAO atáthar a bheartú agus an gaol atá acu le rialacha an Aontais atá ann cheana**

Le linn an 222ú seisiún de chuid Chomhairle ICAO nó le linn aon seisiún ina dhiaidh sin, meastar go nglacfaidh sé an méid seo a leanas:

Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1 - *Ceadúnú Pearsanra*, ar leasú iarmhartach é a bhaineann le córais agus nósanna imeachta Nasc C2;

Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2 - *Rialacha an Aeir*, ar leasú é a bhaineann le ceanglais chórais aerárthaí cianrialaithe (RPAS) maidir le deimhniúchán aeracmhainneachta de thoradh ar Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8;

Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8 - *Aeracmhainneacht aerárthaí*, a bhaineann le córais aerárthaí cianrialaithe (RPAS);

Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 - *Teileachumarsáid Aerloingseoireachta*, Imleabhar V a bhaineann le speictream minicíochta le haghaidh Naisc C2 RPAS, agus

imleabhar VI nua a ghabhann le hIarscríbhinn 10 a bhaineann le córais agus nósanna imeachta Nasc C2 RPAS. ('an gníomh atáthar a bheartú').

Is iad seo a leanas cuspóirí an ghnímh atá beartaithe:

SARPanna atá ann cheana in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago lena n-ionchorpraítear i gCuid I d'iarscríbhinn 8 sainmhínithe agus téarmaí sonracha a úsáidtear sna Caighdeáin i gCodanna nua VIII, IX agus X, na SARPanna sin a leasú. Áirítear ann freisin moltaí i gCuid II d'iarscríbhinn 8 ina dtugtar forléargas ar na nósanna imeachta ginearálta aeracmhainneachta le haghaidh deimhniúcháin agus aeracmhainneacht leanúnach is infheidhme maidir le heitleáin chianrialaithe (RPA);

Cuid VIII nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann le RPA;

cuid IX nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann le héileacaptair chianrialaithe;

cuid X nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann leis an Stáisiún Cianrialúcháin (RPS);

leasú a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 2, Foscríbhinn 4 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ar leasú é de thoradh ar na leasuithe ar Iarscríbhinn 8;

maidir le SARPanna atá ann cheana in Iarscríbhinn 10, Imleabhar V Choinbhinsiún Chicago ina sonraítear bainistiú speictream nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh Nasc Ceannais agus Rialaithe (Nasc C2) nó Córais Aerárthaí Cianrialaithe (RPASanna), na SAPanna sin a leasú;

imleabhar VI nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 10 – Córais Chumarsáide agus Nósanna Imeachta a bhaineann le Córais Aerárthaí Cianrialaithe Nasc C2;

leasuithe a thabhairt isteach in Iarscríbhinní 1 agus 2 de thoradh an leasaithe ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V agus Imleabhar VI nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn 10.

Is dócha go dtiocfaidh na leasuithe atáthar a bheartú i bhfeidhm an 28 Samhain 2024.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Na príomhathruithe agus an gaol atá acu le rialacha an Aontais atá ann cheana

Cuireadh de chúram ar Phainéal na gCóras Aerárthaí Cianrialaithe ICAO (RPASP) forbairt a dhéanamh ar SARPanna, ar Lámhleabhair agus ar ábhair treorach lena réiteofar an bealach chun Aerárthaí Cianrialaithe a oibriú thar theorainneacha idirnáisiúnta faoi Rialacha um Eitilt de réir Uirlisí. Maidir leis na leasuithe atá beartaithe, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit i Litreacha Stáit ICAO AN 7/67.1.1-19/52 agus AN 3/5.12-19/53, lena n-áirítear na tograí le haghaidh leasú ar Iarscríbhinní 8 agus 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus na hathruithe a rinneadh dá thoradh sin ar Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Is cuid de shraith leasuithe iad na tograí sin agus cuirfear ar fáil go seicheamhach iad.

Na leasuithe a moladh i Litir Stáit AN 3/5.12-19/53 ar dtús, baineann siad le haeracmhainneacht aerárthaí sciatháin dhobhogtha cianrialaithe, le haeracmhainneacht héileacaptar cianrialaithe agus leis an stáisiún cianrialúcháin (RPS). Forbraíodh na SARPanna seo le haghaidh RPAS ar a ndéanfar deimhniúchán cineáil i gcomhréir le Doic. ICAO 10019, Lámhleabhar maidir le Córais Aerárthaí Cianrialaithe (RPAS), agus a atreiseofar le hábhar agus toimhdí Choincheap na nOibríochtaí RPAS ICAO (CONOPS).

De bharr cineál comhtháite RPAS, féadfar an RPS a dheimhniú mar chuid den Deimhniúchán Cineáil (TC) arna dheonú do Shealbhóir TC RPA de thoradh phróiseas dheimhniúchán cineáil RPA. Ní eisiann sé seo go bhféadfaí formheas ar leithligh a dhéanamh ar Nós Imeachta Rialúcháin lena ngabhann Grinnscrúdú (NIRG). Is comhpháirt thábhachtach de RPAS é Nasc C2 agus tá a stádas aeracmhainneachta, dá bhrí sin, san áireamh mar ghné de TC.

Na leasuithe a moladh i Litir Stáit AN 7/67.1.1-19/52 ar dtús, baineann siad leis an Nasc Ceannais agus Rialaithe (Nasc C2) agus cuimsítear iontu SARPanna atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de maidir le Nósanna Imeachta Nasc C2 agus Córais Nasc C2. Tá an Nasc C2 tiomanta don mhalartú faisnéise idir an dá phríomh-chomhpháirt fhisiceacha de RPAS: an stáisiún cianrialúcháin (RPS) agus an t-aerárthach cianrialaithe (RPA). Dá bhrí sin, is é Nasc C2 an ceangal is ciallmhaire, beag beann ar an mbealach a réadaítear é, chun faisnéis a mhalartú idir an RPS agus an RPA ionas go mbeidh an cianphíolóta in ann RPAS a chomhtháthú go sábháilte i dtimpeallacht oibríochtúil na heitlíochta domhanda, go háirithe i réimse na cumarsáide, na loingseoireachta agus an fhaireachais. Tá na SARPanna seo ar an gcéad cheann de dhá phacáiste Nasc C2 atá beartaithe.

Tá RPASP ag obair faoi láthair ar an dara pacáiste atá níos mionsonraithe lena n-áirítear SARPanna atá sonrach don teicneolaíocht agus arb é 2022 an dáta seachadta atá réamh-mheasta ina leith.

Tar éis ionchur Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) a fháil maidir le Litir Stáit AN 3/5.12-19/53, mhol roinnt Ballstát de chuid an Aontais gur cheart, de dheasca na scoilte sonraí freagrachtaí idir an t-oibreoir agus an dearthóir, síneadh a chur leis an gcomhairliúchán trí Litir Stáit go dtí go mbeidh fáil ar dhréacht-ábhar le haghaidh Iarscríbhinn 6 a leasú, agus gur cheart glacadh Iarscríbhinn 6 agus Iarscríbhinn 8 a rith go comhuaineach, go háirithe maidir le formheas Stáisiúin Chianrialúcháin (RPS) agus maidir le freagrachtaí Stát Conarthach i ndáil le haeracmhainneacht leanúnach RPS. Níor ghlac ICAO leis an togra seo, agus d'fhéadfadh trasuí na SARPanna gaolmhara ICAO i ndlí an Aontais a

bheith casta dá dheasca sin, mar gheall ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar fhreagrachtaí dearthóirí agus oibreoirí maidir le RPS.

Is féidir leis na Leasuithe atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 748/2012[1] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014[2] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011[3] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 965/2012[4] ón gCoimisiún , agus, b'fhéidir, Rialachán (AE) Uimh. 452/2014[5] ón gCoimisiún , agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373[6] ón gCoimisiún. Caithfear SARPanna ICAO nua a thabhairt isteach i reachtaíocht ar fud an Aontais chun an creat dlí atá ann faoi láthair a leasú d'fhonn dearadh, deimhniúchán cineáil agus oibríocht RPAS a fheidhmíonn thar teorainneacha idirnáisiúnta agus trasna na mórmhara.

### 3.2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Admhaíonn an tAontas gur gá creat rialúcháin comhchuibhithe a bhunú ar an leibhéal idirnáisiúnta lena gceadófar dearadh, deimhniúchán cineáil agus oibríocht Aerárthaí Cianrialaithe thar theorainneacha idirnáisiúnta agus trasna na mórmhara faoi Rialacha Eitilte Ionstraime. Leis na leasuithe atá beartaithe sa dá Litir Stáit ICAO tacaítear leis an sprioc sin.

Dá bhrí sin, is é an seasamh atá beartaithe a thógáil thar ceann an Aontais tacú ina iomláine leis na leasuithe atá beartaithe.

Ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle ICAO, gan aon athrú suntasach, na Leasuithe ar Choinbhinsiún Chicago atá beartaithe, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, gan fógra míshástachta a thabhairt agus fógra a thabhairt i leith an comhlíonadh a dhéanfaidh siad ar na bearta mar fhreagra ar Litreacha Stáit ICAO faoi seach. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta cur i bhfeidhm atá beartaithe na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, i.e. an 28 Samhain 2024, ba cheart difríocht idir na SARPanna áirithe sin a chur in iúl do ICAO.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lgh. 1-85)

2 Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lgh. 1–194)

3 Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lgh. 1-193)

4 Rialachán (AE) Uimh 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lgh. 1-148)

5 Rialachán (AE) Uimh 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lgh. 12-26)

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lgh. 1-126)

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais*' *i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cibé acu atá an tAontas ina bhall den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[7].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[8].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhairle ICAO a bunaíodh de chomhaontú, mar atá an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago').

I gcomhréir le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle ICAO na Caighdeáin idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta, mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Bíonn éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí dlíthiúla áirithe na ngníomhartha sin ag brath ar fhógraí maidir le míshástacht agus le difríochtaí, agus ar théarmaí na bhfógraí sin. Dá bhrí sin, is faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE a ghlactar seasamh an Aontais maidir leis na fógraí sin.

Is féidir leis na Leasuithe atáthar a bheartú tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon Rialachán (AE) Uimh. 748/2012[9] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014[10] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011[11] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 965/2012[12] ón gCoimisiún , agus, b'fhéidir, Rialachán (AE)

---

7 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

8 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

9 Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1-85)

10 Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lgh. 1–194)

11 Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lgh. 1-193)

12 Rialachán (AE) Uimh 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lgh. 1-148)

Uimh. 452/2014[13] ón gCoimisiún , agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373[14] ón gCoimisiún. Caithfear SARPanna ICAO nua a thabhairt isteach i reachtaíocht ar fud an Aontais chun an creat dlí atá ann faoi láthair a leasú d'fhonn dearadh, deimhniúchán cineáil agus oibríocht RPAS a fheidhmíonn thar teorainneacha idirnáisiúnta agus trasna na mórmhara. Dá bhrí sin, ní mór athrú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais dá réir.

Is é príomhchuspóir na leasuithe atá beartaithe creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh dearadh, deimhniúchán cineáil agus oibriú aerárthaí cianrialaithe a fheidhmíonn thar teorainneacha idirnáisiúnta agus trasna na mórmhara faoi Rialacha Eitilte Ionstraime. I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas i leith an ábhair sin.

Leis an ngníomh a glacadh ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh a glacadh agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh a glacadh nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh a glacadh leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

---

[13] Rialachán (AE) Uimh 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lgh. 12-26)

[14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lgh. 1-126)

2021/0027 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 222ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10, agus imleabhar nua VI Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta atá beartaithe a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Aibreán 1947 a tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") i bhfeidhm, Coinbhinsiún lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta. Is leis sin a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit agus is comhaltaí de chuid ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe ICAO. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát i gComhairle ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO Caighdeáin idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta (SARPanna) a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Ag an 222ú seisiún de chuid Chomhairle ICAO, glacfar Leasú 177 - *Ceadúnú Pearsanra* ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2 - *Rialacha an Aeir*, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8 - *Aeracmhainneacht Aerárthaí*, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 - *Teileachumarsáid Aerloingseoireachta*, Imleabhar V Choinbhinsiún Chicago maidir le Córais Aerárthaí Cianrialaithe (RPAS) Naisc C2 agus Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10.

(5) Is é príomhchuspóir na leasuithe atá beartaithe creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh dearadh, deimhniúchán cineáil agus oibriú aerárthaí cianrialaithe a fheidhmíonn thar teorainneacha idirnáisiúnta agus trasna na mórmhara faoi Rialacha Eitilte Ionstraime. Is láidir a thacaíonn an tAontas leis an dícheall a dhéanann ICAO leis an gcreat dlíthiúil seo a bhunú.

(6) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICAO maidir le Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V, agus glacadh thar Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 a bheidh ina gceangal ar an Aontas agus ar féidir leo tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon Rialachán (AE)

Uimh. 748/2012[15] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014[16] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011[17] ón gCoimisiún , Rialachán (AE) Uimh. 965/2012[18] ón gCoimisiún , agus, b'fhéidir, Rialachán (AE) Uimh. 452/2014[19] ón gCoimisiún , agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373[20] ón gCoimisiún, is iomchuí an seasamh sin a bhunú.

(7) Le linn an 222ú seisiún de Chomhairle ICAO nó aon seisiún ina dhiaidh sin maidir le glacadh Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V, agus glacadh Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 mar a leagtar amach trí Litreacha Stáit AN 7/67.1.1-19/52 agus AN 3/5.12-19/53, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin ina n-iomláine. Ba cheart Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, an seasamh sin a chur in iúl.

(8) A luaithe a ghlacfar na Leasuithe ar Iarscríbhinní 1, 2, 8 agus 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, beidh sé ceangailteach ar gach Ballstát ICAO, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais ar fad, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago, agus laistigh de na teorainneacha sin.

(9) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát a mheasann go bhfuil sé dofheidhmithe aon chaighdeán idirnáisiúnta nó aon nós imeachta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a nósanna imeachta féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin nó i gcás ina measfaidh sé gur gá rialacháin nó nósanna imeachta a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na cinn arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart dó fógra láithreach a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas a leagtar síos sa chaighdeán idirnáisiúnta.

(10) Maidir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de thrí mhí tar éis í a thíolacadh do

---

15 Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneacht agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1-85)

16 Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lgh. 1–194)

17 Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lgh. 1-193)

18 Rialachán (AE) Uimh 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lgh. 1-148)

19 Rialachán (AE) Uimh 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir na n-oibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lgh. 12-26)

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lgh. 1-126)

Stáit chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach Stát conarthach ICAO a míshástacht idir an dá linn.

(11) Tar éis do Chomhairle ICAO Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V, agus Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 a ghlacadh, lena fhógairt ag Ardrúnaí ICAO trí nós imeachta Litreach Stáit ICAO, ba cheart gurbh é seasamh an Aontais gan míshástacht a chlárú agus fógra a thabhairt faoi chomhlíonadh. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta cur i bhfeidhm atá beartaithe na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, i.e. an 28 Samhain 2024, ba cheart difríocht idir na SARPanna áirithe sin a chur in iúl do ICAO. Ba cheart do Bhallstáit uile an Aontais an seasamh sin a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 222ú seisiún de Chomhairle ICAO, nó i gceann de na seisiúin ina dhiaidh sin, tacú le Leasú 177 atáthar a bheartú ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V, agus le glacadh Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ina n-iomláine.

2. Ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle ICAO, gan aon athrú suntasach, Leasú 177 ar Iarscríbhinn 1, Leasú 47 ar Iarscríbhinn 2, Leasú 108 ar Iarscríbhinn 8, Leasú 90 ar Iarscríbhinn 10 Imleabhar V, agus go nglacfar Imleabhar VI nua Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago dá dtagraítear i mír 1, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, gan fógra míshástachta a thabhairt agus fógra a thabhairt i leith an comhlíonadh a dhéanfaidh sé ar na bearta a ghlacfar mar fhreagra ar Litreacha Stáit ICAO. I gcás ina n-imeodh reachtaíocht an Aontais ó na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta cur i bhfeidhm atá beartaithe na SARPanna sin a chur i bhfeidhm, i.e. an 28 Samhain 2024, ba cheart difríocht idir na SARPanna áirithe sin a chur in iúl do ICAO.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Ballstáit sin an Aontais ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur in iúl.
An seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2), is seasamh é a ndéanfaidh Ballstáit uile an Aontais a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*